



Measúnú a dhéanamh ar Fhoinsí sa Léann Clasaiceach

Conas is féidir leat a rá an bhfuil do chuid foinsí iontaofa, inchreidte agus cruinn? Cad é an difríocht idir foinsí claonta agus neamhclaonta? Is cuid tábhachtach d'aon phróiseas taighde é foinsí a mheas mar spreagann sé tú chun smaoineamh go criticiúil ar an bhfaisnéis atá beartaithe agat a úsáid. Má dhéantar measúnú ar chreidiúnacht agus iontaofacht foinse, beidh tú in ann breithiúnais a dhéanamh faoina hiontaofacht agus a húsáideacht do do chuid taighde. Níl gach eolas iontaofa nó cruinn, ná ní bheidh gach eolas oiriúnach do thopaic do thaighde. Mura ndéantar grinnscrúdú ar iontaofacht na bhfoinsí stairiúla, tá an chontúirt ann go nglacfar le faisnéis earráideach nó réamhchlaonta mar fhíric, rud a d'fhéadfadh míthuiscintí, míchruinnis agus scaipeadh mífhaisnéise de thimpiste a bheith mar thoradh air. Trí úsáid a bhaint as an straitéis seo a leanas, is féidir leat a chinntiú níos fearr go bhfuil na foinsí a úsáideann tú i do chuid taighde iontaofa agus go dtacaíonn siad le do chuid argóintí agus smaointe.

Cé?

Agus iontaofacht na faisnéise á meas, tá sé tábhachtach inchreidteacht agus iontaofacht an údair a scrúdú. Is é atá i gceist leis sin a chinneadh an foinse inchreidte, chreidiúnach agus iontaofa é an t-údar, amhail bunfhoinse, finné súl, nó saineolaí acadúil. Chun creidiúnacht na foinse a mheas, ní mór d'íntiúir agus cáil an údair a fhiosrú. Comhthéacs an údair a chur san áireamh agus é ag scríobh, a gcáilíochtaí agus a saineolas ar an ábhar.

Cad é?

Cén cineál foinse é? An leabhar, alt dialainne, ailt nuachtáin nó irise, suíomh gréasáin, podchraoladh, blag, agallamh nó cláir faisnéise teilifíse agus raidió é? Agus suíomhanna gréasáin á n-úsáid agat, trí scrúdú a dhéanamh ar an síneadh URL, '.gov', '.org', agus '.edu', is féidir a rá cé acu a thagann an foinse ó ghníomhaireacht rialtais, ó eagraíocht neamhbhrabúis nó ó institiúid oideachais. Is é atá sna príomhfoinsí doiciméid, íomhánna nó déantáin a sholáthraíonn fianaise phearsanta nó fianaise dhíreach ar nós, cuntais scríofa phearsanta, iontrálacha dialainne, cuimhní cinn, litreacha, inscríbhinní, boinn srl. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil príomhfoinsí áirithe níos iontaofa ná foinsí eile agus seans gur gá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar a gcúlra comhthéacsúil.

Cén áit?

Cad as ar tháinig an foinse? Cuid lárnach de seo is ea údar/cruthaitheoir na foinse, mar shampla iris acadúil measúil nó suíomh gréasáin creidiúnach/aitheanta. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag cúinsí geopholaitiúla i gcruathú agus i bhfoilsíú faisnéise.

CÉ?

CÉN UAIR?

CAD É?

CÉN FÁTH?

CÉN ÁIT?

CONAS?

Cén uair?

Cén uair a scríobhadh, a foilsíodh, a cruthaíodh, nó a eisíodh an t-eolas? An bhfuil brí nó tábhacht leis na dátaí seo don ábhar atá á thaighde? An bhfuil an t-údar/cruthaitheoir in ann trácht cruinn a dhéanamh ar imeachtaí nó ar dhaoine, tráth na scríbhneoireachta /na foilsitheoireachta? Má tá suíomhanna gréasáin nó foinsí bunaithe ar an idirlíon á n-úsáid agat, smaoinigh ar cé chomh minic is a dhéantar iad a nuashonrú agus an bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil fós cruinn.

Cén fáth?

Cén fáth ar scríobhadh/ar cruthaíodh/ar foilsíodh an fhaisnéis? Cé hé an lucht féachana atá beartaithe? Cad iad na spreagthaí atá ag an údar chun an t-eolas a chruthú, a scríobh nó a chur ar fáil? Cad iad na tionchair a mbeadh tionchar acu ar an méid a scríobhadh/a cruthaíodh/a táirgeadh? Scrúdaigh cé acu atá fabhraíocht nó claontacht á léiriú ag an údar i leith duine éigin nó rud éigin nó ina gcoinne? Má bhíonn claonadh san inneachar, ní bhíonn ach dearcadh amháin á chur i láthair. Déan measúnú don chlaonadh trí scrúdú a dhéanamh ar chuspóir ailt, láithreán gréasáin srl. Mar shampla, an bhfuil an t-údar ag iarraidh dearcadh ar leith a chur chun cinn? Cuir an fhaisnéis i gcomparáid le foinsí iontaofa eile ionas gur féidir leat cinneadh eolasach a dhéanamh cé acu atá claonadh i gceist nó nach bhfuil.

Conas?

Cé chomh cruinn is atá an foinse? Chun foinsí a mheas, ní mór díriú ar chruinneas agus ar chomhsheasmhacht. An fhaisnéis a fhíorú le haghaidh cruinnis, ag deimhniú go bhfuil fianaise taobh thiar den fhaisnéis a chuirtear i láthair. Crostagairt a dhéanamh ar an bhfaisnéis le foinsí éagsúla chun aon difríochtaí a aithint, léireodh neamhréireanna míchruinnis nó claontachtaí féideartha.

